☸An Lúibín☸

25 Samhain 2018

Stair nua na nÉireannach san Astráil

Elizabeth Malcolm agus Dianne Hall. *A New History of the Irish in Australia*. Newsouth, 2018.

Ar shlí, scríobhadh an leabhar seo mar thrácht agus mar fhreagra ar *The Irish in Australia* (1986), leabhar neamhghnách greanta leis an staraí nótáilte Patrick O'Farrell. Eisean a mhúin Di Hall, comhúdar an leabhair nua. Is beag aird a thug staraithe eile ar leabhar O'Farrell, rud a chuirfeadh ionadh ort ós sárleabhar é.



D'áitigh O'Farrell go raibh tábhacht ar leith leis na hÉireannaigh san Astráil agus iad leagtha amach ar a n-áit féin a bhaint amach sa phobal nua. Bhain Malcolm agus Hall feidhm as foinsí nach raibh fáil ag O'Farrell orthu agus dhírigh a n-aird ar a lán rudaí nua - cúrsaí cine, steiréitíopaí, inscne, cultúr coiteann, leithcheal fostaíochta, srian le hinimirce, coireanna, sláinte intinne agus eoiginic. Cuireann na húdair síos freisin ar Éireannaigh na hAstráile mar chuid ar leith de scaipeadh mór na nÉireannach ar fud an domhain.

Seoladh an leabhar ar 20 Samhain i gColáiste Newman ag Ollscoil Melbourne. Chuir an Dr Val Noone, staraí eile, i láthair é agus treise á cur aige ar phointí áirithe ar nós an chaidrimh idir Éireannaigh agus Bundúchasaigh – caidreamh, mar a thaispeáin an leabhar, a raibh idir olc agus mhaith ag baint leis.

Bhí carn cóipeanna ar fáil ag an seoladh agus díol an-mhaith orthu. B'fhéidir go mbeadh faill againn le léirmheas a dhéanamh amach anseo.

♦❖♦❖♦❖♦

Freagraí

'Céard é an Scéal?' – sraith de thuairiscí a fuair Conradh na Gaeilge déanta ar dhearcadh daoine ar an teanga ar fud na hÉireann.

Kantar Millward Brown a rinne an suirbhé áirithe seo agus seo iad na príomhphointí:

> Síleann 66% de phobal an Deiscirt agus 47% sa Tuaisceart gur chóir don Stát breis cabhrach a thabhairt don teanga.
>
> Síleann 70% sa Deisceart agus 55% sa Tuaisceart gur ceart seirbhísí i nGaeilge a sholáthar do dhaoine a bhfuil éileamh acu orthu.

Síleann 67% sa Deisceart gur cóir go mbeadh lárionaid Ghaeilge sna mórchathracha chun eolas, ranganna agus imeachtaí sóisialta a chur ar fáil.

Síleann 77% gur cóir don Stát acmhainní a chur ar fáil chun an Ghaeltacht a bhuanú.

Síleann 78% sa Deisceart agus 67% sa Tuaisceart gur cheart oideachas trí Ghaeilge a chur ar fáil do gach páiste, más é sin atá ag teastáil.

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh in Éirinn tar éis triail a bhaint as ceisteanna nua i dtaobh a lán ábhar – reiligiún, tobac, tithíocht, obair dheonach, fuinneamh glas, cúram leanaí. Agus, ar ndóigh, an Ghaeilge. Chuir siad foirm thrialach chun 15,000 teaghlach sna contaethe a leanas – Lú, Cill Mantáin, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Tiobraid Árann, Uíbh Fhailí agus Gaillimh.

Faoi láthair fiafraítear de dhaoine 'An féidir leat Gaeilge a labhairt?' agus cuirtear ceist ansin faoi cé chomh minic is labhraíonn tú í. Ach tá ceisteanna nua san fhoirm thrialach: fiafraítear an í an Ghaeilge príomhtheanga an teaghlaigh agus ar tógadh daoine i dteaghlach mar a raibh an Ghaeilge á labhairt mar an bpríomhtheanga.

♦❖♦❖♦❖♦

Tuairim

Tá alt le Kerron Ó Luain ar fiú a léamh: 'Ireland's Gaeltacht Regions: Transitioning into Oblivion?' (*Counterpunch*, 2 Samhain 2018).[1]

Ní mór ag Ó Luain an 'idé-eolaíocht nualiobrálach'. Deir sé gur thapaigh nua-liobrálaigh sa státseirbhís agus sa rialtas an deis tar éis an mheathlú geilleagair a thosaigh in 2008 chun fáil réidh le soláthar ón stát. Dá bhrí sin, tá laghdú mór déanta ar an soláthar sin maidir le scéimeanna teanga agus deontais thionsclaíocha agus oideachasúla.

Maíonn sé nach bhfuil an toil ann anois chun an teanga a neartú. Síltear nach bhfuil baint ag cúrsaí teanga, cultúir agus ealaíne (cúrsaí teanga go háirithe) le cur chun cinn an gheilleagair agus an nua-liobrálachas i réim. Bíonn dearcadh saolta ann agus dá bhrí sin is leis an mBéarla amháin atá tábhacht.

Ni fearrde an scéal Conradh na Gaeilge a bheith ann, dar leis. Is é an Conradh is mó a sheasadh an fód in aghaidh bheartais dhíobhálacha an Stáit i leith na teanga. Anois tá sé chomh ceansaithe sin, go háirithe toisc go bhfaigheann sé airgead ón rialtas, go bhfuil claonadh aige chun míshásamh na gcainteoirí Gaeilge a threorú ar bhealach nach baol do lucht na cumhachta.

Maíonn Ó Luain go bhfuil a lán buanna bainte amach ag lucht na Gaeilge le caoga bliain nó mar sin trí gnáthagóidíocht agus gníomhaíocht radacach a dhéanamh in éineacht, taobh istigh agus amuigh den Ghaeltacht.

Guth an idéalaí a cuireadh as a dhóchas atá le cloisteáil anseo. Ní hé nach bhfuil baint ag an nua-liobrálachas leis an scéal, ach is léir nach bhfuil á dhéanamh ag an Stát ach rud atá ag teacht le dearcadh an ghnáthdhuine i leith na teanga – í a bheith mar chomhartha seachas mar uirlis fheidhmiúil. Is í an Athbheochan ba chionsiocair leis an nGaeilge a chur in uachtar mar sheoid chultúrtha, ach is beag an fheidhm atá leis an Athbheochan i gcúrsaí stáit anois. Is buí le bocht an beagán. Cuid den idéalachas úd an bhéim a chuirtear ar an nGaeltacht – áit atá níos láidre san aigne ná mar atá sí ar an bhfód. Ach is dócha go bhfuil an ceart ag mo dhuine agus é ag caint ar an leas is féidir a bhaint as agóid agus gníomh géar.

♦❖♦❖♦❖♦

[1] https://www.counterpunch.org/2018/11/02/irelands-gaeltacht-regions-transitioning-into-oblivion/

Clár faoin Aontas Eorpach

Seo thíos agallamh le hAodhán Mac Cormaic ar *Bricfeasta Blasta*, clár de chuid Raidió na Life. Cuireann sé síos ar na poist a bhfuil fáil ag Gaeilgeoirí orthu san Aontas Eorpach. (De réir mar a deir sé, trí theanga atá ag teastáil ó iarrthóirí seachas an dá cheanna a luadh in *An Lúibín* le déanaí.)

https://soundcloud.com/rnl/an-bricfeasta-blasta-fostaiocht-san-eoraip-230718?in=rnl/sets/an-bricfeasta-blasta-ar-raidio

♦❖♦❖♦❖♦

As an gCartlann

Cathair faoi léigear

Alt é seo a foilsíodh ar An Lúibín *ar 20 Samhain 2007.*

In 1949 the city of Beijing was taken peacefully by Mao Zedong. It was an arrangement brokered by the city's scholars, forerunners of China's present generation of liberal intellectuals. The controversial journalist Dai Qing, who recently visited Melbourne, has shown how they were then betrayed.

> I Mí an Mheithimh, 1966, i dtús na Réabhlóide Cultúrtha, chreach na Gardaí Dearga tithe ar fud Beijing. Bhí Zhang Dongsun, fealsúnaí agus iarghníomhaí polaitiúil, ar na daoine a ndeachaigh siad sa tóir orthu.

Mar seo, tamall ó shin i Melbourne, a thosaigh an t-iriseoir Síneach Dai Qing léacht ar an ngrúpa scoláirí ar éirigh leo teacht idir na Cumannaigh agus na Náisiúnaithe sa bhliain 1949 chun Beijing a shábháil. Bhí súil ag na scoláirí go mbeadh meas ag an rialtas nua orthu: ní raibh ciall cheannaithe fós acu. Scríobh siad dánta i stíl thraidisiúnta faoin scéal i lámhscríbhinn dar teideal 'Cathair faoi Léigear'. Ar éigean a tháinig sí slán ó fhearg na nGardaí.

Duine suimiúil is ea Dai Qing. Admhaíonn sí gur thug sí an phribhléid as broinn léi: bean a tógadh i measc lucht ceannais na Síne. Ach chuaigh sí bealach eile. Tar éis na Réabhlóide Cultúrtha thosaigh sí ag obair mar iriseoir, ag scríobh go géar neamhspleách faoi chúrsaí sóisialta agus timpeallachta. Chuir sí i gcoinne dhamba mór na dTrí Altán ó thús, agus fíoraíodh a tuairimí le déanaí nuair a d'admhaigh na húdaráis gur thubaiste é. Sacadh i bpríosún í tar éis marú mór Chearnóg Tiananmen. Anois saothraíonn sí a beatha ag foilsiú píosaí thar sáile; tá cosc ar an gcuid is mó dá leabhair sa bhaile.

Tá meon neamhspleách aici, caidéis a ceirde aici agus suim mhór aici i stair chomhaimseartha a tíre. Faoi láthair tá comhaltacht aici in Ollscoil Náisiúnta na hAstráile, agus í ag scríobh leabhair faoin gcaidreamh atá idir deachtóireachtaí agus intleachtóirí liobrálacha. Sin téama na léachta freisin.

Sna blianta 1948 agus 1949 tharla an chuid is déine de chogadh na gcarad idir Páirtí Cumannach na Síne agus na Náisiúnaithe: idir Mao Zedong agus Chiang Kai-Shek. Bhí an phríomhchathair le gabháil: Beijing ('príomhchathair an tuaiscirt'), áit ar thug na Náisiúnaithe Beiping ('an tuaisceart síothaithe') uirthi sa bhliain 1928. Nuair a d'imshuigh na Cumannaigh í ba léir do gach duine go raibh cuma nua ag teacht ar an scéal, agus tháinig na ginearáil Náisiúnacha chun caidirne le Mao.

Bhí Li Jishen ar na ceannairí ba shuntasaí: fear a bhí mór le Chiang tráth agus a chuaigh ina choinne tar éis dhíomua na Seapánach. Mhol sé go gcuirfí comhrialtas ar bun a rachadh i gceannas ar an Arm agus go ndéanfaí stát neamhspleách den Tuaisceart; tháinig ceannaire Náisiúnach Beijing féin leis. Rinne Mao caint sheachantach agus é ag cruinniú a nirt lasmuigh den chathair. Bhí intleachtóirí áirithe ag cuidiú leis na caibidlí, agus ba é Zhang Dongsun féin a chuaigh siar agus aniar idir an dá thaobh. Faoi dheireadh thoiligh na Naisiúnaithe an chathair a thréigean; siúd ó dheas faoi dheifir iad agus ghabh na Cumannaigh Beijing gan aon duine a mharú.

Bhí áthas ar na hintleachtóirí, agus muinín acu i ngealltanas an rialtais nua go mbeadh preas gan bhac ann agus saoirse creidimh. Gealltanas é a tugadh go macánta, b'fhéidir, ach níor comhlíonadh é. Is dian an bhreith a thugann Dai Qing:

> Is léir óna ndúradh cheana gur bhain Mao tairbhe as 'fuascailt shíochánta' Beiping chun uisce faoi thalamh a dhéanamh agus breis ama a bhaint amach don Arm Cumannach. Rinne sé é seo trí theacht i dtír ar bhrabúsaíocht pholaitiúil an 'tríú fórsa' Síneach (sin é, na páirtithe daonlathacha). Bhain sé buntáiste as an bhfonn as cuimse a bhí ar lucht léinn agus cultúir an chathair ársa a chaomhnú go hiomlán. Ba chuma cén fuadar a bhí fúthu, is amhlaidh a bhí na hintleachtóirí faoi chaimpirín ag na polaiteoirí agus na saighdiúirí. D'fhéadfaí feidhm a bhaint astu nó iad a fhágáil ar lár de réir an scéil. Is mór an t-ábhar machnaimh é go raibh a fhios ag dúnmharfóirí an dá thaobh go cruinn céard a bhí ar siúl ach nár thuig na hintleachtóirí ag an am ná go fiú i mblianta tosaigh Phoblacht na Síne go raibh buntáiste á bhreith orthu.
>
> Tar éis na bliana 1950 ba dheacair a rá go raibh aon rud ar siúl nó mórán á chumadh ag na scríbhneoirí a rinne an scrolla úd ar thosaigh mé leis. An rialtas ar thaobhaigh siad chomh díograiseach sin leis bhrúigh sé i leataobh iad, rialtas a d'fháiltigh rompu isteach chomh teochroíoch sin go ndearna siad iarracht dul i mbun oibre dó. Ba chóir dúinn a fhiafraí arbh éigean don scéal a bheith mar sin.

Is léir, mar sin féin, go raibh meas tuillte ag na scoláirí sin de réir a gcáilíochta féin. Ba bhreá leo an léann agus bhí siad dílis do dhúchas seanda a dtíre i saol ansocair corraithe. Luaigh Dai Qing roinnt acu, agus an bheirt seo thíos san áireamh. Duine de shliocht feidhmeannach impiriúil ba ea Deng Zhicheng: léachtóir staire, fear a raibh an t-uafás léite aige agus a scríobh 'prós glan ealaíonta clasaiceach'. Bhailigh sé mórán leabhar neamhchoitianta le haghaidh taighde; ansin bhronn sé ar dhaoine eile iad. Thaitin sé go mór leis na mic léinn. Fuair sé bás i ndúluachair na bliana 1960, bliain ghorta. Is beag duine a bhí ar an tórramh.

Bhí muintir Zhang Boju saibhir agus bhí sé ar an mbailitheoir ealaíne ba mhó cáil sa tSín. Fuair sé féin agus a bhean chéile saothair nach bhfuil a leithéidí eile le fáil; bhronn siad cuid díobh ar an rialtas nua agus dhiúltaigh siad íocaíocht a ghlacadh. Sa bhliain 1966 tháinig na Gardaí Dearga agus rinne luaith de rudaí sárluachmhara i mbailiúchán Zhang. Rinne sé agóid ghéar ach lig siad thar a gcluasa í. Cuireadh Zhang, a bhean chéile agus a bpáiste as Beijing; ligeadh ar ais é in aois a sheacht mbliana is ceithre fichid, agus cailleadh é sa bhliain 1982. Faoin am sin ní raibh cuimhne air.

Cuireadh roinnt ceisteanna ar Dai Qing tar éis an léachta. Fiafraíodh di conas ar éirigh léi roinnt den eolas a bhailiú agus gan fonn ar na húdaráis an t-eolas sin a scaipeadh. D'inis sí scéal faoi chuairt a thug sí ar dhuine a raibh ábhar luachmhar aige agus gan cead aici é a athscríobh nó a thabhairt léi. Choinnigh sí nuachtán idir í féin agus an té a bhí á faire i seomra eile agus bhain feidhm as taifeadán chun an téacs a shealbhú.

♦❖♦❖♦❖♦

An Timpeallacht

Tá léargas tugtha ag an scríbhneoir eolaíochta Peter Forbes ar a bhfuil le teacht agus ní aoibhinn an scéal é. (Tá a lán scríofa ag Forbes faoi chúrsaí eolaíochta agus tá ailt leis le léamh ar *New Scientist*, *The Guardian*, *The Times*, *Scientific American* agus eile.) Is é an teideal atá ar an alt áirithe seo 'We are heading for a New Cretaceous, not for a new normal'. [2]

Chríochnaigh an Tréimhse Chailceach timpeall 66 milliún bliain ó shin le mórthubaiste. Síltear gur mionphlainéad ba chúis leis, agus díothaíodh cuid mhór dá raibh beo, idir phlandaí agus ainmhithe. Tubaiste eile atá i gceist ag Forbes agus a leithéidí: tubaiste an teasa.

[2] https://aeon.co/ideas/we-are-heading-for-a-new-cretaceous-not-for-a-new-normal?utm_source=Aeon+Newsletter&utm_campaign=3d7448ad70-EMAIL_CAMPAIGN_2018_10_29_12_28&utm_medium=email&utm_term=0_411a82e59d-3d7448ad70-68646989

Maíonn Forbes gur dóigh le mórán daoine nach bhfuil baint ag an ngeolaíocht le gnóthaí daonna ach go bhfuil an tuairim sin bréagnaithe ag athruithe aeráide a thit amach go tobann fadó. Chuir dhá théamh mhóra (agus tréimhse fhada fhuar eatarthu) deireadh leis an Oighearaois dheireanach 12,600 bliain ó shin, timpeall 9,600 RCh. Taispeánann croíthe oighir ón nGríonlann gur éirigh an teocht deich gcéim gach uair. Lean an chéad téamh ar feadh trí bliana. Thit an dara ceann amach ar feadh seasca bliain agus chuir tús leis an Tréimhse Holaicéineach, tréimhse measartha socair atá faoi réim go fóill agus a lig don chine daonna teacht i réim.

Deir Forbes nach mór dúinn a aithint go bhfágann a leithéid d'athrú a rian ar an saol ar feadh na mílte bliain. Leáigh oighearchlúid leathan i Meiriceá Thuaidh, rud ba chúis le borradh na farraige agus le leathnú locha ollmhóir trasna Mheiriceá Thuaidh. Scar an Bhreatain ón Eoraip 3,500 bliain tar éis thosú na Tréimhse Holaicéiní, agus d'éirigh an talamh nuair a laghdaigh meáchan an oighir.

Tríd is tríd, bhí an Domhan mí-oiriúnach don tsibhialtacht dhaonna ar feadh tréimhsí fada, é ró-fhuar nó ró-the. Ré idiroighreach atá againn anois ó cheart. Murach an téamh domhanda, rud a tharraing astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin orainn, is dócha go mbeadh oighearaois eile romhainn. Thosaigh an Tréimhse Holaicéineach gan mhoill agus tá sí ag críochnú go tobann.

♦❖❖♦

Tá 2,000 domhan fíorúil déanta ag taighdeoirí san Astráil agus san Iodáil chun a fháil amach cén toradh a bheadh ar thubaistí difriúla – téamh domhanda, geimhreadh núicléach agus buille mór astaróidigh. Rinne siad amach gurbh é an téamh domhanda ba mheasa.[3]

Má dhéantar díothú ar na speicis is tábhachtaí, téann a lán speicis eile in éag dá bharr. Is deacair do phlandaí teas an-ard a fhulaingt. Faigheann cuid acu bás, rud a bhaineann bia de na hainmhithe a itheann iad; ansin níl dada le n-ithe ag na hainmhithe atá beo ar fheoil.

Is iad na crainn is mó a gheobhaidh bás. Ní féidir leo ach cúpla lá os cionn 45 céim Celsius a sheasamh, agus ina dhiaidh sin tá deireadh leo, in éineacht leis na feithidí agus na héin atá ag brath orthu.

Deir na heolaithe go bhfuil claonadh againn chun ráta agus méid an díothaithe a mheas faoi bhun an chirt.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun *rianach@optusnet.com.au*.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au **.**

[3] https://thenewdaily.com.au/life/science/2018/11/16/2000-ways-kill-the-world/?utm_source=Adestra&utm_medium=email&utm_campaign=Saturday%20News%20-%2020181117

Leaganacha simplithe

Cathair faoi Léigear

Thug an t-iriseoir Síneach Dai Qing léacht ag Ollscoil Melbourne sa bhliain 2007 faoi na scoláirí a chuidigh le Beijing a shábháil nuair a bhí na Cumannaigh agus na Náisiúnaithe ag troid le chéile. Is beag an buíochas a fuair siad dá bharr.

Duine suimiúil is ea Dai Qing. Tógadh í mar dhuine de scothaicme[4] na Síne. Chuaigh sí le hiriseoireacht agus thosaigh sí ag cáineadh na n-údarás. Chaith sí tamall i bpríosún. Is deacair di leabhair a fhoilsiú sa bhaile anois.

Sa bhliain 1949 d'éirigh le grúpa scoláirí teacht idir na Cumannaigh agus na Náisiúnaithe chun Beijing a shábháil. Bhí súil ag na scoláirí go mbeadh meas ag an rialtas nua orthu.

Sna blianta 1948 agus 1949 tharla an chuid ba dhéine den chogadh idir Páirtí Cumannach na Síne agus na Náisiúnaithe. Bhí Mao Zedong ina cheannaire ar an Cumannaigh; bhí Chiang Kai-Shek ina cheanaire ar na Náisiúnaithe. Rinne na Cumannaigh léigear[5] ar Beijing agus chuaigh na ginearáil Náisiúnacha chun cainte le Mao.

Bhí intleachtóirí áirithe ag cuidiú leis na caibidlí. Bhí Zhang Dongsun ar dhuine de na hintleachtóirí sin. Faoi dheireadh thoiligh[6] na Náisiúnaithe an chathair a thréigean. Ghabh na Cumannaigh Beijing gan aon duine a mharú.

Bhí áthas ar na hintleachtóirí. Chreid siad gealltanas an rialtais nua nach mbeadh bac ar nuachtáin agus go mbeadh saoirse creidimh ann. Ach dúirt Dai Qing gur bhain Mao buntáiste mí-ionraic as an bhfonn a bhí ar na scoláirí Beijing a shábháil. B'fhada gur thuig siad go raibh buntáiste á bhreith orthu. Tar éis na bliana 1950 ní raibh mórán á gcumadh acu.

Luaigh Da Qing cúpla scoláire. Bhí Deng Zhicheng ina léachtóir staire; ba scríbhneoir maith é agus bhailigh sé mórán leabhar neamhchoitianta a bhronn sé ar dhaoine eile. Fuair sé bás sa bhliain 1960, bliain ghorta. Is beag duine a bhí ar an tórramh.

Bhí Zhang Boju ina bhailitheoir mór ealaíne. Bhronn sé féin agus a bhean chéile saothair uathúla[7] ar an rialtas nua. Ach sa bhliain 1966 tháinig na Gardaí Dearga agus scrios na rudaí an-luachmhara a bhí aige. Díbríodh é féin agus a cúram.[8] Ligeadh ar ais é nuair a bhí sé seacht mbliana is ochtó d'aois. Nuair a fuair sé bás sa bhliain 1982 ní raibh cuimhne air. Chuaigh an Gardaí Dearga sa tóir ar Zhang Dongsun féin.

An Timpeallacht

Tá alt suimiúil foilsithe ag an scríbhneoir eolaíochta Peter Forbes. Is é an teideal atá ar an alt áirithe seo 'We are heading for a New Cretaceous, not for a new normal'.

Chríochnaigh an Tréimhse Chailceach (Cretaceous) timpeall 66 milliún bliain. Tharla tubaiste agus is dócha gur astaróid ba chúis leis. Buaileadh in aghaidh an Domhain í agus maraíodh cuid mhór ainmhithe agus plandaí.

Cuireann Forbes síos ar na hathruithe aeráide a thit amach go tobann fadó. Chuir dhá théamh mhóra deireadh leis an oighearaois[9] dheireanach 12,600 bliain ó shin. Chuir an dara téamh tús leis an Tréimhse Holaicéineach (Holocene). Tá an tréimhse sin ann go fóill agus tá sí an-oiriúnach don chine daonna.

[4] Scothaicme - elite
[5] Léigear - siege
[6] Thoiligh – agreed (to do something)
[7] Uathúla: uathúil – rare (book, etc.)
[8] Cúram - family
[9] Oighearaois – ice age

Tríd is tríd, bhí an Domhan mí-oiriúnach don tsibhialtacht ar feadh tréimhsí fada. Bhí sé ró-fhuar nó ró-the. Bheadh oighearaois eile romhainn murach an téamh domhanda. Thosaigh an Tréimhse Holaicéineach go tobann agus tá sí ag críochnú go tobann.

□□□□

Tá 2,000 domhan fíorúil[10] déanta ag taighdeoirí san Astráil agus san Iodáil chun a fháil amach cén toradh a bheadh ar thubaistí difriúla. Is é an téamh domhanda an tubaiste is measa.

Is deacair do phlandaí teas an-ard a fhulaingt. Má fhaigheann na speicis is tábhachtaí bás, faigheann a lán speicis eile bás. Dá bhrí sin níl bia ag ainmhithe a itheann plandaí agus níl bia ag ainmhithe a itheann ainmhithe eile.

Is iad na crainn is mó a gheobhaidh bás. Ní féidir leo teas an-ard a fhulaingt. Má imeoidh siad imeoidh na feithidí agus na héin atá ag brath orthu.

Deir na heolaithe nach ndéanann daoine ráta agus méid an díothaithe[11] a mheas mar is ceart.

[10] Fíorúil - virtual

[11] Díothaithe: díothú - extinction